



Gníomhaíocht

AG IMSCRÚDÚ TORTHAÍ




Trealamh

GNÍOMHAÍOCHT 1:

- Tortaí difriúla (m.sh. úlla, oráistí, bananaí, piorraí srl.)
- Plátaí páipéir
- Scian phlaisteach

GNÍOMHAÍOCHT 2:

- Pictiúir de thorthaí
- Criáin
- Póstaer le haghaidh barrachairte
- Siosúr • Maide glíú



Leibhéal ranga molta

Sóisearach



Ullmhúchán

Torthaí difriúla a bhailiú.

Pictiúir de thorthaí a fhótachóipeáil.

Chabhródh roinnt ullmhúcháin ar an bhfoclóir.

m.sh. banana (*mín, bog, solúbtha, práibeach, cruth straoiseoige*);
úll (*crua, gléineach, céiriúil*);
piorra (*cruth deora*).

Blasanna: milis, súmhar, cogantach, ramallach, briosc.

Faisnéis chúlra

An difríocht idir torthaí agus glasraí
(bíonn síolta ag torthaí)

Itheachán sláintiúil – tairbhe na dtorthaí don
tsláinte; maitheas na dtorthaí sa bhosca lóin.


Inneachar

EOLAÍOCHT: Rudaí Beo: Plandaí agus Ainmhithe: cineál
agus tréithe plandaí
Mé féin

MATA: Uimhir: comhaireamh; codáin (leath – rang
a haon, ceathrú – rang a dó)
Sonraí: sonraí a thaispeáint agus a léiriú.

Scileanna

Tástáil
Breathnú
Sórtáil agus rangú
Taifeadadh
Anailísiú




AG IMSCRÚDÚ TORTHAÍ

Naisc thras-churaclaim

Tíreolaíocht (m.sh. Cá bhfásann bananaí, anainn srl.?)

Aimsir: cén fáth nach bhfásann torthaí áirithe, m.sh. bananaí, anseo in Éirinn?

OSPS: Maireachtáil fholláin ('5 sa lá')



Ceisteanna spreagtha

Cén torthaí atá ar eolas agat?

An bhfuil siad an dath céanna? Méid?

An mbraitheann siad mar an gcéanna?

An mblaiseann siad mar an gcéanna?

An féidir leat cur síos a dhéanamh ar bhlas de thoradh ar bith?

An bhfásann tú aon torthaí sa bhaile?

Conas a fhásann siad?

(Crainn – úll, piorra, pluma;

Plandaí – sútha talún;

Sceacha – caora dubha, spíonáin)

Céard faoi bhananaí?

An bhfásann siad anseo in Éirinn?

Cén fáth nach bhfásann?

An bhfuil torthaí go maith nó go dona duit?



Gníomhaíocht 1

Nigh na lámha roimh an ngníomhaíocht seo.

I ngrúpaí, déanann na leanaí:

- Torthaí difriúla a bhrath agus cur síos a dhéanamh ar conas a bhraitheann siad l (m.sh. garbh/mín, crua/bog)
- Féachaint orthu agus cur síos a dhéanamh ar an dath, an cruth srl
- Féachaint orthu trí lionsa láimhe (más ann dó) agus cur síos a dhéanamh ar shonraí eile a bhfeiceann siad
- Na torthaí a ghearradh le scian phlaisteach (le cúnamh ón múinteoir más gá)
- Cur síos a dhéanamh ar an taobh istigh de na torthaí; cur síos ar an mboladh; cur síos ar an mblas

Níonn na leanaí a lámha ansin.




AG IMSCRÚDÚ TORTHAÍ

Gníomhaíocht 2

Ansin, d'fhéadfadh na leanaí:

- Na torthaí a tharraingt agus/nó a dhathú ar leathanach páipéir agus iad a ghearradh amach
- Na torthaí is fearr leo a roghnú agus a ghreamú ar leathanach mór dubh le barrachairt a dhéanamh
- An cheist “Céard é an toradh is fearr leis an rang?” a fhreagairt



Sábháilteacht

Bí cúramach leis an scian (nó seans go mbeidh ar an múinteoir na torthaí a ghearradh do shóisir níos óige).

Nigh na lámha roimh agus tar éis na gníomhaíochta.

Tabhair aird ar leanaí le hailléirgí.

Gníomhaíocht leantach

Sóisir níos óige:

Déan iarracht píosaí gearrtha de thorthaí a aithint – trí bhreathnú orthu; trí iad a bhlaiseadh (*leis na súile dúnta b'fhéidir*).

Sóisir níos sine (m.sh. Rang a dó):

D'fhéadfaí na gníomhaíochtaí thuas a leathnú tríd an gceist thíos a chur: “Cén tréith atá ag gach toradh i gcoitinne?” (*Bíonn síolta ag torthaí*).

D'fhéadfaí iarradh orthu na síolta a mheaitseáil leis an toradh freisin.



Ag blaiseadh gan bholadh!

Gearr píosaí beaga de phrátaí agus úlla scafa go díreach an mhéid céanna. Iarr ar na leanaí a súile a dhúnadh agus a sróna a choimeád dúnta agus píosa den dá rud a ithe.

An féidir leo an difríocht a aithint?

(*Seans maith nach féidir, mar tá an béal agus an tsrón nasctha tríd an aerbhealach céanna, agus blaiseann agus bolaíonn tú bia ag an am céanna mar sin. Cuimhnigh mar a bhlaiseann – nó nach mblaiseann! – bia nuair a bhíonn slaghdán ort!.*)



Fruits